**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

# GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II

**(120 marc)**

**AN AOINE, 8 MEITHEAMH - MAIDIN, 10.15 go dtí 12.15**

## ROINN I - PRÓS LITEARTHA [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**. Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A nó B**.

*[ Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad. )**

### SUAIMHNEAS SCRIOSTA

(Is sliocht athchóirithe é seo as an úrscéal ***Ríocht na hAbhann*** le **Séamas Céitinn.** San úrscéal seo déantar cur síos ar theaghlach ealaí : **Lorc, Caoimhe** agus a gclann. Bhí ord agus eagar ar a saol go dtí gur tharla an eachtra seo.)

Bhí deifir ar thiománaí an tancaeir bhuí. Chomh luath agus a bheadh an lasta díosail seachadta aige agus an tancaer ar ais i gclós an stóir bheadh sé ar saoire. Ach bhí sé na mílte ó Bhaile an Inbhir go fóill, agus ansin bheadh an turas ar ais go dtí an stór roimhe. Ba chuma leis mura mbeadh sé le bheith ar eitleán chun na Spáinne an tráthnóna sin.

Ag teacht anuas an fhána chun an droichid dó bhrúigh sé ar throitheán an choscáin. Níor maolaíodh luas an tancaeir. Bhrúigh sé ar an troitheán arís. Níor tharla a dhath. Bhí an troitheán bog faoina chois. Chonaic sé roimhe balla an droichid agus an casadh beag sa bhóthar sula sroichfeadh sé é. Chas sé an roth stiúrtha. Bhí an t-allas ag teacht amach ar a lámha air. Dá mbeadh an t-ádh leis thabharfadh sé an tancaer thar an chasadh. Bhí an bóthar ag éirí beagán ar an taobh eile den droichead. Stadfadh sé an tancaer ansin.

Ach theip air : bhuail an cábán balla an droichid agus caitheadh na clocha síos ar an sruthán. Óna shuíochán ard chonaic an tiománaí barr an bhalla ag síneadh amach roimhe. Threabh an tancaer ar aghaidh ag réabadh na gcloch amach. Ansin chonaic an tiománaí an taobh eile den bhalla agus mhothaigh sé greim docht an chreasa sábhála trasna a choirp – bhí an tancaer ag titim. Fuair sé spléachadh ar ealaí thíos ar bharr an uisce. Ansin bhí bruach thall an tsrutháin ag éirí aníos chuige go mear…..




Tormán millteanach os a gcionn, clocha ag titim ón spéir agus suaitheadh mór san uisce – baineadh preab as na healaí. Leath na héin óga a sciatháin. Shios Lorc agus Caoimhe go colgach agus chuir gothaí troda orthu féin. Bhíothas ag bagairt ar a gclann, ach cá raibh an namhaid? I dtobainne bhí ciúnas arís ann. Shíothlaigh fearg na n-ealaí. D'fhéach siad ar an tancaer mór buí a bhí tite trasna an tsrutháin. Bhí na rothaí cúil ar thaobh amháin agus ar an taobh eile bhí an cábán a raibh a dhíon agus na doirse brúite le chéile mar a bheadh blaosc uibhe ann. Bhí an ghrian á frithchaitheamh ó thaobh an tancaeir, áit a raibh díosal ag sileadh anuas. Thosaigh na healaí óga ag itheadh na bplandaí uisce arís.

Níor fágadh faoi shuaimhneas iad. Stad gluaisteán ar an bhóthar agus tháinig fear anuas go dtí an cábán. Chualathas é ag iarraidh an doras a oscailt, ag glaoch ar an tiománaí. Ansin bhí tost ann. Streachail sé suas go dtí a ghluaisteán arís agus as go brách leis. I ndiaidh leathuaire thosaigh na feithiclí ag teacht – otharcharr, an bhriogáid dóiteáin agus cuid mhór gluaisteán. Le dua mór tógadh an tiománaí as an chábán. Iomlán an ama bhí an díosal ag sileadh isteach sa sruthán.

**Gluais** Lasta : ualach; seachadta : tugtha amach; a dhath : aon rud; spléachadh : radharc;
tormán : torann; colgach : feargach.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** 'Bhí deifir ar thiománaí an tancaeir bhuí.' Cén fáth? Luaigh **rud amháin** a bhí le déanamh aige sula mbeadh sé críochnaithe.

**(ii)** 'Bhí an t-allas ag teacht amach ar a lámha air.' Breac síos **dhá phointe** eolais as **Alt a Dó** a mhíníonn dúinn an chúis a bhí leis seo.

**(iii)** 'Baineadh preab as na healaí.' Déan cur síos ar **dhá rud** a rinne na healaí a thabharfadh le fios duit gur baineadh preab astu.

**B ( Léirthuiscint Ghinearálta )**

**(i)** Luaigh **dhá thréith** a bhain leis an tiománaí mar dhuine, dar leat. I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.

**(ii)** An dóigh leat gur gortaíodh an tiománaí go dona? Tabhair **dhá chúis** mar thaca le do fhreagra.

**(iii)** Ar thaitin an sliocht seo leat? Cuir **dhá chúis** le do fhreagra.

---

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht i **gCeist 1** thuas. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i **gCeist 1** faoin ábhar úd agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha ceann amháin de na *téamaí* seo a leanas ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an *téama* sin i gceist ann. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) Éad (b) Áthas (c) Fearg (d) Díomá (e) Grá (f) Dóchas.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *téama* atá roghnaithe agat.

(**Nóta**: I gcás **A** nó **B** thuas tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann i rith do chúrsa.)

---

## ROINN II – FILÍOCHT [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**. Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** nó **B**.

*[ Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad. )**

**Curtha síos**

Ná lig dóibh
A mhaicín,
Ná lig dóibh
4 Tú a chur síos.

Iad anois uaibhreach
Ó roghnaíodh iad.
Féach orthu ag geáitsíocht
8 Á mheas gur laochra iad.

Tuig nach roghnú cóir
Gach roghnú.
Tuig go luath
Cumhacht an chara
13 Atá cheana féin sa chúirt.

Buanna eile agatsa,
Bua an cheoil,
Bua na healaíne.
Coinnigh do mheanma,
18 Ná lig dóibh tú a ghortú.

Ceacht é seo duit don saol,
Ná tabhair aon aird orthu
21 Dream an aonleabhair.

(le **Pádraig De Bhál**)

**Gluais**

**Curtha síos**

(1.5) uaibhreach : bródúil;

(1.9) cóir: cothrom agus ceart;

(1.17) meanma: misneach.

**Ardán a hAon**

(1.7) ag alpadh siar: ag slogadh/ag cosc;

(1.8) Dheineas: rinne mé;

(1.10) thachtaíos siar: stop mé;

(1.15) i gcoimhlint: ag troid.

**Ardán a hAon**

Is fada uaim anois an lá
a sheas tú ar Ardán a hAon
do shúile lán is tú ag insint dom
go bhfeicfeá sar i bhfad mé
’s dá mbeadh rud ar bith
de dhíth orm rud ar bith-
7 is tú ag alpadh siar na ndeor.

Dheineas iarracht ar gheallúint duit
go scríobhfainn ach
thachtaíos siar na focail
ar eagla go gcaoinfeá…
d’éirigh do chasóg níos lú
13 ’s an traein ag tógáil siúil.

Cuimhním ort mar sin
do gháire i gcoimhlint
leis na deora
17 ag brú aníos id scornach.

Ach cé go sínim chugat amach mo lámh
éiríonn tú níos lú níos lú
le luas na traenach
21 is nílim in ann aghaidh a chur ort.

(le **Áine Ní Ghlinn**)

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** Tabhair cuntas **gairid** ar an ócáid atá i gceist, dar leatsa, sa **chéad dá** véarsa den dán *Curtha síos.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar an ócáid atá i gceist, dar leatsa, sa **chéad** véarsa den dán *Ardán a hAon*.

**(iii)** Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile i líne 21 (*is nílim in ann aghaidh a chur ort*) sa dán *Ardán a hAon.*

**B ( Léirthuiscint Ghinearálta )**

**(i)** Cén mothúchán is láidre, dar leat, sa dán *Ardán a hAon*? Céard a spreag an mothúchán sin san fhile?

**(ii)** Luaigh **dhá phointe** eolais a léiríonn an difríocht atá idir an dá dhán.

**(iii)** Cé acu den dá dhán is fearr leat? Cuir **dhá chúis** le do fhreagra.

**Ceist 2**. Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i **gCeist 1** thuas. Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de na *hábhair* seo thíos i gceist ann. Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Taisteal (b) Spórt nó Caitheamh Aimsire (c) Éadaí (d) Eachtra Stairiúil

(e) An Dúlra/Nádúr (f) An Scoil.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat, agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *t-ábhar* sin os ár gcomhair.

## ROINN III - LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) [30 marc]


Freagair do rogha **trí cinn** de **A, B, C, D** anseo. **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**

*[ I gcás **A, B** agus **C** bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

### A (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas (as bróisiúr) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Tagaigí le bhur gcairde go dtí **Sult,** Club Gaelach na Cathrach. Bíonn sé ar siúl in airde staighre sa *Castle Inn* in aice le hArdeaglais Chríost. Bíonn ceol beo bríomhar ann idir 9.00 p.m. agus am dúnta. Buaileann aíonna speisialta isteach ó am go chéile chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí.
Cead isteach £3 nó £2 do mhic léinn.
Club sóisialta neamhfhoirmeálta atá i **Sult** agus tá sé dírithe ar lucht labhartha na Gaeilge, ar lucht foghlamtha na teanga agus ar dhaoine ar spéis leo ceol, amhránaíocht, damhsa agus an cultúr Gaelach. Deis iontach atá ann chun an Ghaeilge a chleachtadh agus chun bualadh le daoine ar spéis leo **Sult** a bhaint as cultúr na Gaeilge.




**(i)** Breac síos **dhá phointe** eolais, ón **gcéad** alt, i dtaobh **Sult**.

**(ii)** Cén 'deis iontach' a thugann **Sult** do dhaoine?


### B (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas (bunaithe ar alt in *Comhar*) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

#### SIAMSAÍOCHT OIDEACHASÚIL

I measc na gcláracha a bhíonn ar **TG4** i gcomhair páistí caithfidh sé gurb é an ceann is éifeachtaí díobh ná **Teletubbies,** an clár de chuid an *Ragdoll* agus *BBC* atá tar éis *Twinky Winkie, Po, La La* agus *Dipsy* a chur in aithne don domhan ar fad. Déantar fuaimeanna aisteacha a mheascadh le huimhreacha, amhráin bheaga agus beannachtaí. Is modh foirfe atá anseo chun siamsaíocht a chur ar fáil do pháistí óga ach is siamsaíocht í a bhfuil taobh oideachasúil léi freisin.

Ba é an rud ba mhó a tharraing aird ar **Teletubbies** na Gaeilge ná na míreanna beaga físe ina mbeadh seans ag páiste óg foghlaim faoin dúlra nó faoi rud éigin timpeall uirthi/air agus é ar fad trí Ghaeilge. Clár Gaeilge ach clár idirnáisiúnta freisin! Má tá deartháir óg nó deirfiúr óg sa bhaile agat is féidir leat bábóga ar aon dul le *Twinky Winkie, Po, La La* agus *Dipsy* a cheannach sna siopaí bréagán dó nó di. Nár dheas an smaoineamh é?






**(i)** Breac síos **dhá phointe** eolais, ón **gcéad** alt, i dtaobh na **Teletubbies.**

**(ii)** Deirtear go bhfuil 'taobh oideachasúil' leis na **Teletubbies** mar chlár. Conas a léirítear é sin sa sliocht?

## C **(10 marc)**

Léigh an fógra seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# carraigcheol

Má tá dúil agat sa rac-cheol nó sa cheol beo, beidh dúil agat i *Carraigcheol*. An aidhm atá ag *Carraigcheol* ná aird an phobail a tharraingt ar bhannaí atá ag iarraidh a gcosa a chur i dtaca i margaí ceoil an lae inniu.

Go dtí seo is iad Luka Bloom, na **Mary James**, na **Frames**, na **Plague Monkeys**, na **Marbles** agus **Manor** na bannaí a ghlac páirt sna seisiúin bheo, agus beidh **Blink, Jack L, Dr Millar**, na **Walls**, **Mark Dignam** (ar an 12 Aibreán) agus **The Prayer Boat** (ar an 26 Aibreán) ar *Carraigcheol* amach anseo.




**(i)** Cén aidhm atá ag an gclár **Carraigcheol**?

**(ii)** Ainmnigh an duine a chuireann an clár i láthair. Luaigh an lá agus an t-am a bhíonn sé ar siúl.


## D **(10 marc)**

Déan staidéar ar an sliocht seo a leanas (bunaithe ar alt in *Foinse*) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó (1) go dtí (11). Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.)

Ba cheart an freagra i do fhreagarleabhar a leagan amach mar seo: "Bearna (1) = ndaoine" agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a athscríobh.

# Aistear Hector

I measc na (1) ar labhair Hector leo le linn an (2) bhí beirt phóilíní de chuid an NYPD a labhrann Gaeilge, cailín as Gaillimh atá (3) chabhlach linn agus Búdaíoch Meiriceánach a bhfuil an Ghaeilge go (4) aige. Ós rud é go bhfuil Meiriceá (5) anois aige, an bhfuil aon phlean (6) Hector tabhairt faoin gcuid eile den domhan? "Bheadh an-suim agam (7) taistil a dhéanamh," ar sé. Tá cúpla (8) a bhfuil mé ag obair orthu (9) láthair ach tá brón orm nach (10) liom an t-eolas sin a (11) libh go fóill.




**Liosta Focal**: ndaoine [Bearna (1)]; féidir; ag; siúlta; líofa; ligean; rud; turais; tuilleadh; sa; faoi.

## ROINN IV - LITIR A SCRÍOBH **[30 marc]**

Freagair **A** nó **B** nó **C** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)**

### A

Bhí do thuismitheoirí as baile ar laethanta saoire nuair a tháinig do thuarascáil scoile go dtí do theach. Bhí torthaí scrúduithe na Nollag mar aon le tuairimí na múinteoirí agus an phríomhoide fút sa tuarascáil. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig do thuismitheoirí ag insint dóibh i dtaobh a raibh sa tuarascáil.

I do litir luaigh

- conas a bhí na torthaí i gcoitinne agat
- ábhar **amháin** a ndearna tú go maith ann agus tuairim an mhúinteora fút san ábhar sin
- ábhar **amháin** nach ndearna tú go maith ann agus leithscéal éigin atá agat
- tuairim an phríomhoide fút mar dhalta scoile
- pointe ar bith **eile** faoin tuarascáil

### B

Tá an trácht ar na bóithre go dona i do cheantar féin agus tá sé ag cur as go mór do mhuintir na háite, tú féin ina measc. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig eagarthóir nuachtáin Ghaeilge faoin ábhar seo.

I do litir luaigh

- conas a chuireann an trácht as duit féin mar dhalta scoile
- **dhá** shlí **eile** ina gcuireann an trácht as do mhuintir na háite
- cúis **amháin** go bhfuil an trácht go dona sa cheantar, dar leatsa
- an réiteach a mholfá féin chun feabhas a chur ar an scéal

### C

Chonaic tú scannán sa phictiúrlann le déanaí a thaitin go mór leat. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig peannchara leat ag insint di/dó i dtaobh an scannáin.

I do litir luaigh

- ainm an scannáin agus an áit a raibh sé ar siúl ann
- cuntas **gairid** ar an scéal atá á insint sa scannán agus ar na carachtair/aisteoirí atá ann. (**Is leor ceithre phointe a lua.**)